

**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills



An Scéim Sparántachta Tríú Leibhéal 2019
(do mhic léinn ó scoileanna DEIS)

Clár

- 1. Réamhrá**
- 2. Riachtanais Cháilitheachta**
- 3. Ord Fiúntais**
- 4. Tairscintí sparántachta**
- 5. Coinníollacha ag gabháil le tairscintí sparántachta**
- 6. Luach sparántachtaí**
- 7. Íoc sparántachtaí**
- 8. Athnuachan sparántachtaí**
- 9. Cúrsaí Iarchéime**
- 10. Cinneadh Díospóidí**

An Scéim Sparántachta Tríú Leibhéal 2019

(do mhic léinn ó scoileanna DEIS)

1. Réamhrá

Bunaíodh An Scéim Sparántachta Tríú Leibhéal do na mic léinn is fearr feidhmithe, faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúra de, i scrúdú na hArdteistiméireachta.

Bronnadh na sparántachtaí ar bhonn réigiúnda. Tairgeofar 10 sparántacht ar a laghad sa cheathar cheantar seo a leanas: (1) Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath, (2) an chuid eile de Laighean, (3) Mumhan, agus (4) Connacht/Ulaidh, le dámhachtana breise ar fáil ar bhonn pro rata sna réigiúin sin ina bhfuil líon níos mó de mhic léinn incháilithe.

Leagtar amach, in Aguisín 1, na cúrsaí tríú leibhéal atá faomhaithe don scéim sparántachta seo.

Mar chuid den Scéim Sparántachta Tríú bronnfar ocht sparántacht, dhá cheann i ngach cheann de na réigiúin thuasluaite, ar a dtabharfar na Sparántachtaí STEM Ernest Walton, ar mhic léinn incháilithe a bheidh ag tabhairt faoi chúrsa faofa ag an tríú leibhéal sna réimsí seo a leanas – Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamatic (STEM).

2. Riachtanais Incháilithe

- Scéim Sparántachta Tríú Leibhéal

Ní gá iarratais a dhéanamh chun a bheith san áireamh sa Scéim Sparántachta Tríú Leibhéal. Chun a bheith incháilithe, caithfidh gur fhreastail an t-iarrthóir ar scoil DEIS agus páirt a ghlacadh i gclár Árdteistiméireachta 2019 sa scoil sin, agus go bhfuil aitheanta gur as cúra socheacnamaíoch atá faoi bhuntáiste é/í. Mar fhianaise ar seo, caithfidh go raibh sé/sí díolmhaithe ó tháille na hArdteistiméireachta a íoc. Measfar iarrthóir incháilithe don Scéim Sparántachta seo a shásaíonn an critéir seo a leanas. Cuirfear san áireamh go huathoibríoch do bhronnadh sparántachta iarrthóirí céaduaire i Scrúdú na hArdteistiméireachta 2019, a bhaineann amach Grád O6 nó níos airde i gcúig ábhar ar a laghad ón liosta faomhaithe d'ábhair, (a leagtar amach sna Rialacha agus Clár d' Iarbhunscoileanna).

- Scéim Sparántachta Ernest Walton STEM

Beidh na sparántachtaí Ernest Walton STEM bunaithe ar thorthaí maraon le rogha cúrsaí don tríú leibhéal na mac léinn. **Tá sé riachtanach iarratas a dhéanamh ar Sparántacht Ernest Walton STEM.**

Maraon leis na riachtanais cáilitheachta don phríomh Scéim Sparántachta Tríú Leibhéal a leagtar amach thuas, caithfidh mac léinn a bheith glactha ar chúrsa faofa sna réimsí d'Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamatic.

Caithfidh gach iarratasóir foirm iarratais comhlánaithe a chur isteach agus fianaise ón CAO a chur ar fáil go bhfuil iarratas déanta aige/aici ar chúrsa STEM mar a c(h)éad rogha.

Déanfar breithniú ar chúrsaí tríú leibhéal a mhaireann dhá bhliain nó níos mó, a liostáiltear iad mar chúrasí STEM ag an nasc thíos agus a leantar iad ag institiúid atá maoinithe ag an gciste poiblí.

http://www.careersportal.ie/members/auth/courses/cao_stem_wizard.php

Chun sparántacht a bhaint amach, caithfidh mac léinn a bheith glactha air agus ag freastal ar chúrsa a chomhlíonann na critéir seo.

3. An tOrd Fiúntais

Bronnfar gach Sparántacht Tríú Leibhéal ar an iarratasóir incáilithe is fearr feidhmithe i scrúdú na hÁrdteistiméireachta 2019. Bronnfar na sparántachtaí Ernest Walton STEM ar an iarratasóir incháilithe a bhfuil iarratas déanta aige/aici a chomhlíonann an critéir thuas do chúrsa faofa, agus a éiríonn is fear leis/léi i gcúig ábhar i scrúdú na hÁrdteistiméireachta 2019. Sa chás go bhfuil iarratasóir nó beirt in aon réigiún a mheastar ar chomh-chaighdeán iad, déanfar cinneadh faoin ord fiúntais trí thagairt d'fheidhmiú an iarratasóra sa trí ábhar is fearr aige/aici. Más ionann freisin na marcanna iomlán a bhaintear amach ag beirt nó níos mó d'iarratasóirí in aon réigiún, déanfar cinneadh faoin ord fiúntais trí thagairt d'fheidhmiú an iarratasóra ina ábhar/ a hábhar is fearr.

4. Tairscintí Sparántachta

Cuirfear fógra chuig buaiteoirí sparántachta chomh luath agus is féidir i ndiaidh torthaí na hÁrdteistiméireachta 2019 a bheith eisithe.

Caithfidh an t-iarratasóir rathúil glacadh leis an dtairscint sparántachta i dtaca le cúrsa faofa don bhliain acadúil 2019/2020 nó rachaidh an tairscint as feidhm. Is féidir an sparántacht a chur ar athló ar feadh bliana acadúla amháin agus don tréimhse sin amháin le cead roimh ré i scríbhinn ón Aire Oideachais agus Scileanna. Is gá iarratas ar sparántacht a chur ar athló a dhéanamh agus an tairscint á glacadh.

Tá aon tairscint de sparántacht ag brath ar eolas a bheith fírinneach agus cruinn agus ar an iarratasóir ag comhlíonadh coinníollacha na scéime. Coimeádtar an ceart tairscint a tharraingt siar mar thoradh ar aon earráid san eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil.

5. Coinníollacha ag gabháil le Tairscintí Sparántachta

Bronnfar an sparántacht amháin i dtaca le freastal ar chúrsa faofa in institiúid fhaofa, agus don ghnáth-fhad de chúrsa fochéime amháin, suas go dtí 4 bhliain ar a mhéid de staidéar iarchéime, ag brath ar dhul chun cinn.

Beifear ag tnúth go gcomhlíonfaidh coinneálaí sparántachta rialacháin a c(h)oláiste/(h)institiúid agus go dtabharfaidh sé/sí faoi scrúdú gach téarma nó aon scrúdú eile a shocraíonn údaráis an choláiste/na hinstitiúide dá c(h)úrsa.

Beidh mic léinn, ar a mbronnfar sparántachtaí i dteideal freisin cur isteach ar dheontais do mhic léinn faoi chomhair costais cothabhála maraon leis an ranníocaíocht mac léinn nó táillí.

Ní bheidh cead ag coinneálaí sparántachta na nithe seo a leanas a choinneáil

- (i) deontas/scoláireacht bronnta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna;
- (ii) aon dámhachtain eile ó chomhlacht poiblí; nó
- (iii) a leithéid in aon Bhallstát AE eile.
- (iv) damhachtain Scoláireacht Uile-Éireann

Níl san áireamh sa treoir thuas damhachtana ar nós scoláireachtaí, duaiseanna nó sparántachtaí a dhéanann an institiúid ar a bhfuil an mac léinn ag freastal nó damhachtana faoi Scoláireacht Rialtais na hÉireann sna Daonna agus Eolaíocht Shóisialta nó deontais thaighde iarchéime, sa chás nach mó méid an deontais agus méid áirithe, atá sonraithe don bhliain 2019/2020 ag €16,000.

Níl san áireamh sa treoir thuas damhachtana d' iarratasóirí faoin gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn nó faoin gCiste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas.

Beidh sé mar choinníoll do bhronnadh sparántacht faoin scéim seo go dtugann an mac léinn féinn údarás don Roinn Oideachais agus Scileanna eolas a aistriú faoin damhachtain sparántachta go bunachar sonraí lárnach de choinneálaithe deontas a mbeidh teacht air acu seo a leanas - SUSI(Tacaíocht Uilíoch do Mhac Léinn Éire), an t-aonad íocaíochtaí tiomnaithe de chuid CDETB (An Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath), na Coimisinéirí Ioncaim agus An Roinn Coimirce Sóisialaí.

6. Luach Sparántachtaí

Beidh luach an sparántachta de réir na rátaí a shonrófar ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

€2,000 méid an sparántachta don bhliain acadúil 2019/2020.

7. Íoc Sparántachtaí

Íocfar an sparántacht mar íocaíocht shingil ag tús na bliana acadúla.

Déanfar an íocaíocht go cuntais bainc Éireannach an mhic léinn.

Ní dhéanfar íocaíocht go dtí go gcuireann an mac léinn ar fáil deimhniú ón gcoláiste/institiúid go bhfuil sé/sí cláraithe agus ag freastal ar chúrsa faofa.

8. Athnuachan Sparántachtaí

Déanfar athnuachan ar sparántachtaí nuair a chuireann an mac léinn deimhniú ar fáil ó údarás an choláiste/na hinstitiúide cuí go bhfuil an coinneálaí tar éis dul chun cinn chuig an chéad bhliain eile den chúrsa, faoi réir gnáth-fhad an chúrsa faofa.

Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna deireadh a chur le nó luach sparántachta a laghdú, ag am ar bith, sa chás go bhfaightear tuairisc neamhfhabhrach ar choinneálaí na sparántachta ó údarás an choláiste/na hinstitiúide cuí.

Ní féidir sparántachtaí a íoc i leith freastail an dara uair ag an leibhéal céanna de chúrsa atá faofa chun críocha na scéime seo. Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna an riail seo a tharscaoileadh i cúinsí eisceachtúla ar nós trombhreiteacht dheimhnithe.

Má theastaíonn ó choinneálaí sparántachta i rith a c(h)úrsa staidéir, an sparántacht a chur ar athló ar feadh bliana acadúla amháin agus don tréimhse sin amháin, caithfidh sé/sí cead i scríbhinn roimhré a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna.

9. Cúrsaí Iarchéime

Is féidir sparántacht a athnuachan go díreach i ndiaidh grádaithe chun ligint don choinneálaí cúrsa faofa ag leibhéal iarchéime a leanúint.

Is féidir an sparántacht a chur ar athló ag an bpointe seo suas go tréimhse bliana acadúla amháin agus don tréimhse sin amháin le cead i scríbhinn roimhré a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna.

Ní féidir sparántacht a athnuachan do choinneálaí a bhfuil cáilíocht iarchéime aige/aici cheana féin agus a bhfuil dara cháilíocht iarchéime á leanúint aige/aici, seachas má cheaptar an cúrsa a bheith mar dhul chun cinn go leibhéal níos airde de réir forálacha dhul chun cinn den Scéim Tacaíocht do Mhic Léinn den bhliain acadúil chuí.

Is féidir sparántacht a choinneáil i leith staidéar ag leibhéal iarchéime ar feadh tréimhse ceithre bliana ar a mhéid.

10. Cinneadh Díospóide

Déanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna cinneadh faoi gach ceist nó díospóid a éiríonn i dtaca le léirmhíniú nó forléiriú na scéime seo, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh sin.

Aguisín I

Cúrsaí Faofa – Scéim Sparántachta 2019

Fochéimithe

cúrsa bunchéime **lánaimseartha:**

- (a) a dtógann dhá bhliain ar a laghad é a chríochnú
- (b) i ndiaidh é a chríochnú go mbronntar dámhachtain ardoideachais agus traenála a bhfuil mar cháilíocht aitheanta de bhun fhorálacha an chreata cáilíochtaí, agus
- (c) a bhfuil á chur ar fáil ag ceann de na hinstiúidí atá liostáilte i **gcuid A de** Sceideal an Aguisín seo, agus

nó

cúrsa bunchéime **lánaimseartha:**

- (a) a dtógann dhá bhliain ar a laghad é a chríochnú
- (b) i ndiaidh é a chríochnú go mbronntar dámhachtain ardoideachais agus traenála a bhfuil mar cháilíocht aitheanta de bhun fhorálacha an chreata cáilíochtaí cuí, agus
- (c) a bhfuil sé liostáilte i **gcuid B** den Sceideal an Aguisín seo, nó a bhfuil sé á chur ar fáil ag instiúid oideachais a sholáthraíonn ardoideachas agus traenáil agus atá lonnaithe i mballstáit eile seachas an Stát atá á chothabháil nó ag fáil cabhrach trí dheontais athfhillteacha as cistí poiblí de chuid an Bhallstáit sin nó de chuid aon Bhallstáit eile, lena n-áirítear an Stát.

Iarchéimithe

cúrsa iarchéime **lánaimseartha:**

- (a) dtógann bliain amháin ar a laghad é a chríochnú
- (b) i ndiaidh é a chríochnú go mbronntar dámhachtain ardoideachais agus traenála a bhfuil mar cháilíocht aitheanta de bhun fhorálacha an chreata cáilíochtaí, agus
- (c) a bhfuil á chur ar fáil ag ceann de na hinstiúidí atá liostáilte i **gcuid A de** Sceideal an Aguisín seo, nó

cúrsa iarchéime **lánaimseartha:**

- (a) a dtógann dhá bhliain ar a laghad é a chríochnú
- (b) i ndiaidh é a chríochnú go mbronntar dámhachtain ardoideachais agus traenála a bhfuil mar cháilíocht aitheanta de bhun fhorálacha an chreata cáilíochtaí cuí, agus
- (c) a bhfuil sé liostáilte i **gcuid B** den Sceideal an Aguisín seo, nó a bhfuil sé á chur ar fáil ag instiúid oideachais a sholáthraíonn ardoideachas agus traenáil agus atá lonnaithe i mballstáit eile seachas an Stát atá á chothabháil nó ag fáil cabhrach trí dheontais athfhillteacha as cistí poiblí de chuid an Bhallstáit sin nó de chuid aon Bhallstáit eile, lena n-áirítear an Stát.

SCEIDEAL

CUID A

Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach
Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha, Baile Átha Cliath
Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath
Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
Coláiste N. Aingil, Loch Gile, Sligeach

CUID B

Ollscoil Phontaifiúil Mhaigh Nuad

I leith na gcúrsaí fochéime seo a leanas:

- Céim Onórach Bhaitsiléara sa Diagacht (3 bliana)
- Céim Onórach Bhaitsiléara sa Diagacht agus sna Dánta (3 bliana)
- Céim Onórach Bhaitsiléara sa Diagacht agus sna Dánta (Idirnáisiúnta) (4 bliana)

I leith na gcúrsaí iarchéime seo a leanas:-

- Céim MA sa Diagacht (bliain amháin)
- Céim MA sa Diagacht (2 bhliain)
- Céim Dochtúireachta de PhD sa Diagacht (3 bhliain)

Coláiste N. Pádraig, Ceatharlach

I leith na gcúrsaí bunchéime seo a leanas:-

- BA (Gnáth) i Staidéir Shóisialta Fheidhmeacha i gCúram Sóisialta (3 bliana)
- BA (Onóracha) Staidéir Shóisialta Fheidhmeacha (1 bhliain breise)
- BA (Gnáth) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus Dánta} (3 bliana)
- BA (Onóracha) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus Dánta} (4 bliana)
- BA (Onóracha) sa Saoránacht agus i Staidéar Pobail (4 bliana)
- BA (Onóracha) sa Bhéarla agus sa Stair (4 bliana)

- BA (Onóracha) sa Diagacht (3 bliana)

I leith na gcúrsaí iarchéime seo a leanas:-

- MA Béarla le Taighde (2 bhliain)
- MA Fealsúnacht le Taighde (2 bhliain)
- MA Stair le Taighde (2 bhliain)
- MA Reiligiún/Diagacht le Taighde (2 bhliain)

Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

I leith na gcúrsaí bunchéime seo a leanas:-

- Céim MB (Onóracha) OÉ, BCH, BAO, LRCP, SI (5 bliana)
- Céim MB (Onóracha) OÉ, BCH, BAO, LRCP, SI (6 bliana)
- Céim BSc (Onóracha) i gCógaisíocht OÉ (4 bliana)
- BSc i bhFisiteirpe (Dámhachtain OÉ) (4 bliana)

I leith na gcúrsaí iarchéime seo a leanas:-

- PhD Iarchéime OÉ (3 bliana)
- MD Iarchéime OÉ (2 bhliain)
- MSc Iarchéime OÉ (1 bhliain)

Ionad Léinn Forbartha, Camaigh

I leith na gcúrsaí iarchéime seo a leanas:-

- Diplóma Iarchéime i Léann Forbartha (1 bhliain)
- MA i Léann Forbartha (1 bhliain)

Coláiste Montessori, (AMI) Baile an Mhuilinn

I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

- Diplóma i dTeagasc Montessori
 - o Cuid 1: Luath-óige (3 go 6 bliana d'aois)(Bliain 1 agus 2)
 - o Cuid 2: Bunoideachas (6 go 12 bhliain d'aois) (Bliain 3)

Coláiste Montessori Naomh Nioclás

I leith na gcúrsaí bunchéime seo a leanas:-

- Ardteastas sna hEalaíona in Oideachas Montessori na Luathbhlianta (2 bhliain)
- BA in Oideachas Montessori (3 bliana)
- BA (Onóracha) in Oideachas Montessori (1 bhliain)

I leith an chúrsa iarchéime seo a leanas:-

- Ard-Diplóma sna hEalaíona in Oideachas Montessori na Luathbhlianta (2 bhliain)

Cumann Onórach Óstaí an Rí

I leith an chúrsa iarchéime seo a leanas:

- Céim Abhcóide sa Dlí [1 bhliain]

Dlí-Chumann na hÉireann, Plás Blackhall:

I leith an chúrsa iarchéime seo a leanas:

- Cúrsa Chleachtas Gairme
 - o Cuid I
 - o Cuid II